Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2023**
**(OR. en, es)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0325(NLE)**

**5373/23**
**ADD 1 REV 1**

**PECHE 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>- Ráitis |

**RÁITEAS ÓN SPÁINN i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Mheánmhuir**

'Ba mhaith leis an Spáinn a chur in iúl go bhfuil dhá fhoráil maidir leis an rialachán, a bhaineann leis an uasteorainn ar ghabhálacha séaclaí gorma agus dearga agus leis an iarracht iascaireachta do bháid spiléireachta, a ndearna Ríocht na Spáinne cás dlí a chomhdú ina coinne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feitheamh go fóill.'

**RÁITEAS MAIDIR LE VÓTA DIÚLTACH NA SPÁINNE I nDÁIL LEIS AN RIALACHÁN MAIDIR LE DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH 2023 SA MHEÁNMHUIR AGUS SA MHUIR DHUBH**

'Is oth leis an Spáinn go raibh uirthi vóta a chaitheamh i gcoinne an togra chomhréitigh chríochnaithigh ón Uachtaránacht i ndáil leis an Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ag Comhairle Talmhaíochta agus Iascach an 11 go dtí an 12 Nollaig don dara bliain as a chéile.

Cé gur feabhsaíodh an togra a bhí ann roimhe seo, agus is mór againn sin, níorbh leor na feabhsúcháin sin chun go mbeadh an Spáinn in ann vóta a chaitheamh i bhfabhar an togra, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Spáinn agus na dtograí a chuir sí ar aghaidh, tograí nár glacadh leo sa deireadh thiar thall.

Is léir go bhfuil dhá chur chuige éagsúla ag an gCoimisiún Eorpach agus Ríocht na Spáinne i dtaca le cur chun feidhme an phlean ilbhliantúla le haghaidh acmhainní grinnill sa Mheánmhuir Thiar agus le cuspóir an phlean sin, i.e. an uastáirgeacht inbhuanaithe le haghaidh na stoc iascaireachta éagsúil, a bhaint amach.

Cé go measann an Coimisiún Eorpach gur gá fós leanúint de líon na laethanta iascaireachta le haghaidh trealamh tarraingthe sa Mheánmhuir a laghdú, tá an Spáinn den tuairim i gcónaí, ar bhonn na dtuarascálacha eolaíocha atá ar fáil ó STECF agus ó chomhlachtaí eolaíocha eile araon, gurb é méadú ar roghnaíocht an trealaimh tharraingthe an bealach is iomchuí agus is cothroime, ón taobh socheacnamaíoch de, chun dul chun cinn breise a dhéanamh i dtaca le feabhas a chur ar stádas bitheolaíoch na stoc éagsúil a bhfuil dea-chomharthaí téarnaimh agus básmhaireacht iascaireachta laghdaithe á léiriú acu ar an iomlán. Go deimhin tá cásanna tuartha STECF ann a léiríonn, i gcás stoic séaclaí dearga in uiscí na Spáinne, go mbainfí amach an sprioc uastáirgeachta inbhuanaithe in 2025 dá gcuirfí an beart roghnaíochta seo i bhfeidhm maidir le leath an chabhlaigh, gan aon laghdú eile ar na laethanta iascaireachta in 2023.

Mar sin féin, dar leis an Spáinn nach leor an dreasacht a thugtar d'oibreoirí san earnáil iascaireachta sa togra comhréitigh críochnaitheach chun feabhas a chur ar roghnaíocht an trealaimh tharraingthe, agus go dteastaíonn an dreasacht sin ó na hoibreoirí chun déileáil, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, leis an gcaillteanas ioncaim a bheadh i gceist le cur chun feidhme an bhirt seo mar thoradh ar an laghdú i meáchan na gabhála. Faoin togra comhréitigh críochnaitheach, laghdófaí laethanta iascaireachta na hearnála iascaireachta arís eile in 2023 – is laghdú i ngníomhaíocht iascaireachta é sin arb ionann é agus beagnach trí ghlanmhí in aghaidh an tsoithigh ar an meán ó cuireadh an plean chun feidhme den chéad uair in 2020, rud a chiallaíonn go gcaithfidh soithí iascaireachta na Spáinne níos mó laethanta i gcalafoirt ná ag iascaireacht an bhliain seo chugainn. Tá an méid sin ag cur inmharthanacht shóisialta agus eacnamaíoch na soithí sin agus a ngnóthaí iascaireachta go mór i mbaol, ar gnóthaí teaghlaigh iad den chuid is mó, chomh maith le inbhuanaitheacht chalafoirt, mhargaí agus phobail chósta Mheánmhuir na Spáinne a bhraitheann ar an ngníomhaíocht sin.

I gcás ar bith, leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit eile ar cúis imní dóibh an plean ilbhliantúil agus a chuspóirí a bhaint amach.'